Timpeall na Cruinne

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar scéalta nuachta ó thimpeall na cruinne. Ag obair leis an duine in aice leat, déan iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt. .

a. Cén tír sa Mheánoirthear inar maraíodh dhá scór duine inné?

b. Cén tír atá ag eitilt daoine a bhfuil cóir leighis uathu as Háití chun cabhrú leis an tubaiste?

c. Cén searmanas bronnta a bhaineann leis an gceol a bhí ar siúl i Los Angeles le déanaí?

Ceist 2 Sula bhféachann tú ar an mír nuachta, féach an féidir Gaeilge a chur ar na téarmaí seo a leanas.

1. grúpa oilithreachta	a. treatment
2. olltoghchán	b. emergency
3. éigeandáil	c. free for all
4. cóir leighis	d. tension
5. sciob sceab	e. general election
6. gradam	f. pilgrim group
7. ionsaithe	g. award
8. teannas	h. attacks

1	2	3	4	5	6	7	8

Ceist 3 Anois féach ar an mír nuachta agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé mhéad duine a gortaíodh san Iaráic?
2. Cén ceann scríbe a bhí ag na hoilithrigh?
3. Cén fáth ar cuireadh deireadh leis na heitiltí ó Háití Dé Céadaoin seo caite?
4. Cé a bhuaigh sé ghradam ag na Grammys?
5. Cén t-amhránaí óg ceol tíre a bhuaigh ceithre ghradam?
6. Cén gradam a bronnadh ar Mhichael Jackson?

Ceist 4 Féach ar an mír arís agus abair an bhfuil na ráitis seo a leanas fíor nó bréagach.

1. Tá imní anois go dtarlóidh níos mó ionsaithe ar oilithrigh agus lá mór na n-oilithreach ar siúl Dé hAoine.
   Fíor/Bréagach
2. Tá olltoghchán le reáchtáil san Iaráic i mí na Bealtaine.
   Fíor/Bréagach
3. Tá na mílte tugtha as Háití go Meiriceá cheana féin le cóir leighis a fháil.
   Fíor/Bréagach
4. Bhí na Grammys ar siúl i Los Angeles.
   Fíor/Bréagach
5. Bhuaigh an t-amhrán '*Single Ladies'* gradam d'amhrán na bliana.
   Fíor/Bréagach
6. Bronnadh gradam saoil ar Janet Jackson.
   Fíor/Bréagach

Ceist 5 Cloistear samplaí de réamhfhocail shimplí san fhís nach dtagann athrú orthu, mar shampla, 'i measc'. Déan iarracht na habairtí seo a athrú más gá.

1. Tá gúna álainn ar (Caitlín).
2. Beidh Féile ar (siúl) i Má Nuad an tseachtain seo chugainn.
3. Tá sí ag dul ó (teach) go (teach) ag díol ticéad don chrannchur.
4. Beidh sé ann anocht le (Ciara).
5. Rachaidh sí go dtí (Baile Átha Cliath) amárach.
6. Thug mé bróga do (Ciarán) an lá sin.
7. Ní bheidh duine ar bith ann seachas (Dónal).
8. Bíodh sé de (ciall) agat fanacht amach uathu sin.
9. Tá cuma difriúil uirthi faoi (solas) na gréine.
10. Bhí Séamus as (láthair) agus bhí a mháthair as (baile) nuair a ghlaoigh mé thar (ceann) na hOllscoile.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhfuil an tábhacht chéanna ag baint leis na scéalta sa mhír 'timpeall na cruinne'?

An bhfuil dearcadh difriúil i leith tubaistí i dtíortha i mbun forbartha agus tíortha forbartha dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Iarr ar na foghlaimeoirí plé a dhéanamh ar aon eolas atá acu faoi na scéalta seo ar dtús.
a. An Iaráic
b. Stáit Aontaithe Mheiriceá
c. Na Grammys

Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7	8
f	**e**	**b**	**a**	**c**	**g**	**h**	**d**

Ceist 3

1. Gortaíodh breis is céad duine san Iaráic.
2. Is í cathair naofa Karbala an ceann scríbe a bhí ag na hoilithrigh.
3. Cuireadh deireadh leis na heitiltí ó Háití Dé Céadaoin seo caite mar gheall ar an mbrú a bhí ar chóras sláinte Mheiriceá.
4. Bhuaigh Beyonce sé ghradam ag na Grammys.
5. Bhuaigh Taylor Swift, amhránaí óg ceol tíre, ceithre ghradam.
6. Bronnadh gradam saoil ar Mhichael Jackson.

Ceist 4

1. Tá imní anois go dtarlóidh níos mó ionsaithe ar oilithrigh agus lá mór na n-oilithreach ar siúl Dé hAoine.

   Fíor/Bréagach
2. Tá olltoghchán le reáchtáil san Iaráic i mí na Bealtaine.

   Fíor/**Bréagach**
3. Tá na mílte tugtha as Háití go Meiriceá cheana féin le cóir leighis a fháil.

   Fíor/**Bréagach**
4. Bhí na Grammys ar siúl i Los Angeles.

   Fíor/Bréagach
5. Bhuaigh an t-amhrán '*Single Ladies'* gradam d'amhrán na bliana.

   Fíor/Bréagach
6. Bronnadh gradam saoil ar Mhichael Jackson.

Ceist 5

1. Tá gúna álainn ar **Chaitlín**.
2. Beidh Féile ar **siúl** i Má Nuad an tseachtain seo chugainn.
3. Tá sí ag dul ó **theach** go teach ag díol ticéad don chrannchur.
4. Beidh sé ann anocht le **Ciara**.
5. Rachaidh sí go dtí **Baile Átha Cliath** amárach.
6. Thug mé bróga do **Chiarán** an lá sin.
7. Ní bheidh duine ar bith ann seachas **Dónal**.
8. Bíodh sé de **chiall** agat fanacht amach uathu sin.
9. Tá cuma difriúil uirthi faoi **sholas** na gréine.
10. Bhí Séamus as **láthair** agus bhí a mháthair as **baile** nuair a ghlaoigh mé thar **cheann** na hOllscoile.

Ceist 6 Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Éimear Ní Chonaola

Caithfimid súil anois ar chuid de scéalta idirnáisiúnta eile an lae timpeall na cruinne.

Maraíodh breis is dhá scór duine agus gortaíodh os cionn céad duine nuair a chuir bean a bhí i measc ghrúpa oilithreachta Shia í féin den tsaol. Bhí na hoilithrigh ag tabhairt a n-aghaidh ar chathair naofa Karbala, ochtó ciliméadar ó dheas de Bhagdad. Tá imní anois go dtarlóidh níos mó ionsaithe ar oilithrigh agus lá mór na n-oilithreach ar siúl Dé hAoine. Tá an-teannas sa tír faoi láthair idir grúpaí Sunni agus Shia agus olltoghchán le reáchtáil sa tír i mí na Márta
Tá Stáit Aontaithe Mheiriceá le tús a chur in athuair le heitiltí[1] éigeandála le daoine a gortaíodh go dona sa chrith[2] talún i Háití a thabhairt chuig ospidéil i Meiriceá. Stopadh na heitiltí Dé Céadaoin seo caite mar go raibh imní go raibh an iomarca brú á chur ar chóras sláinte Mheiriceá. Tá na céadta tugtha as Háití go Meiriceá cheana féin le cóir leighis a fháil.
Agus ar deireadh bhí na réaltaí ar fad i saol an cheoil i láthair aréir ag na Grammys i Los Angeles. Ach ba í Beyonce a rinne sciob sceab aréir ar na gradaim ag tabhairt sé ghradam ar fad abhaile léi, ina measc gradam d'amhrán na bliana '*Single Ladies'*. Thug an t-amhránaí ceol tíre, Taylor Swift, nach bhfuil ach scór bliain d'aois, ceithre ghradam léi agus bronnadh gradam saoil ar Mhichael Jackson.

[1] Le eitiltí a deirtear
[2] Sa gcrith talún a deirtear